Leabhar
THÓIBÍT

1 Sa leabhar seo insítear scéal Thóibít, mac Thóibiéil, mac Mhahainiéil, mac Adúéil,
mac Ghabael, mac Rafael, mac Ragúéil, de shliocht Aisiéil, de threibh Naftáilí. [2]In
aimsir Shalmanasar, rí na nAsaíreach, díbríodh ina chime cogaidh é ó Thisbé, áit atá ar
an taobh theas de Cheidis Naftáilí sa Ghailíl Uachtarach, siar ó thuaidh ó Hazór agus
lastuaidh de Pheor.

Tóibít Deoraí

[3]Gach uile lá de mo shaol shiúil mise, Tóibít, de réir bealaí na fírinne agus na
fíréantachta. Is iomaí déirc a thug mé do mo ghaolta agus do mo chomhthírigh a chuaigh
ina gcimí cogaidh in éineacht liom go Nínivé, cathair atá san Asaír. [4]Nuair a bhí mé i
mo thír féin, Iosrael, agus mé i m'fhear óg fós, scar treibh iomlán mo shinsir Naftáilí le
ríshliocht Dháiví agus le Iarúsailéim. Mar sin féin b'í sin an chathair a ndearnadh rogha
di as treibheanna uile Iosrael chun gurbh inti amháin a d'ofrálfadh na treibheanna go léir
íobairtí; is inti a coisriceadh an Teampall, áit chónaithe an té is Airde, a tógadh d'fhonn
go seasfadh sé ó ghlúin go glúin go brách. [5]Ach d'ofráladh mo ghaolta uile mar aon le
teaghlach mo shinsir Naftáilí íobairtí don lao úd, a rinne Iarobám, rí Iosrael, i nDán, ar
shléibhte uile na Gailíle.

[6]I dtaca liom féin de, théinn go minic i m’aonar go dtí Iarúsailéim ar na féilte faoi mar atá sé leagtha amach d’Iosrael go léir i reacht síoraí. Bhrostaínn liom go dtí Iarúsailéim le céadtorthaí na talún agus an tréada mar aon le deachú an eallaigh agus le céadlomadh na gcaorach. [7]Thugainn iad do na sagairt de shliocht Árón le haghaidh na haltóra agus bhronnainn deachúna an fhíona agus an arbhair agus na hola olóige agus na bpomagránaití agus na dtorthaí eile ar na Léivítigh a bhíodh ag freastal in Iarúsailéim. Ar feadh sé bliana mhalartaínn an dara deachú ar airgead agus d’imínn go dtí Iarúsailéim in aghaidh na bliana chun é a dháileadh amach. [8]Thugainn é do na dílleachtaí agus do na baintreacha agus do na hiompaithigh a chónaíodh i measc na nIosraelach; is amhlaidh a bheirinn liom é gach tríú bliain chun é a roinnt orthu. Bhíodh cóisir againn ansin de réir an reachta atá leagtha amach i ndlí Mhaois agus de réir na n-aitheanta a thug Deabórá, máthair ár seanathar Hanainiéil, dúinn; óir cailleadh m’athair agus fágadh i mo dhílleachta mé.

[9]Nuair a tháinig mé in aois fir, phós mé bean dár gcine féin darbh ainm Anna; rug sí mac dom agus thug mé Tóibias mar ainm air.

[10]Tar éis na díbeartha chun na hAsaíre tháinig mé i mo chime cogaidh go Nínivé. D’itheadh mo ghaolta agus mo chomhthírigh uile bia na bpágánach [11]ach thug mise togha an aireachais nach n-íosfainn a leithéid de bhia. [12]Mar sin de, ó bhí mé dílis do mo Dhia ó m’anam go hiomlán [13]bhronn an Té is Airde pearsantacht chomh geanúil sin orm go raibh lé ag Salmanasar liom agus cheannaíonn dó cibé soláthairtí a bhíodh uaidh. [14]Fad a mhair sé, théinn go dtí an Mhéide ag ceannach earraí dó. Ina theannta san chuir mé málaí a raibh deich dtallann airgid iontu i dtaisce ag m’fhear gaoil Gabael, mac

Ghaibrí, i Raigéis sa Mhéide. [15]Nuair a cailleadh Salmanasar tháinig a mhac Sanaichéiríb i gcoróin ina áit; ach d'imigh na bóithre chun na Méide óna smacht agus níorbh fheidir dom dul ann a thuilleadh.

[16]In aimsir Shalamansar is iomaí gníomh carthanachta a rinne mé do mo chomhthírigh; [17]roinninn mo chuid aráin ar lucht an ocrais agus thugainn éadach don nocht; dá bhfeicfinn aon duine de mo chine féin a bhí tar éis bás a fháil agus é caite lasmuigh de bhallaí Nínivé d'adhlacfainn é. [18]Thug mé adhlacadh chomh maith d'aon duine a mharaigh Sanaichéiríb; mar is amhlaidh a mharaigh sé a lán de mhuintir Iosrael le teann feirge tar éis dó imeacht ó Iúdáia ina theifeach nuair a chuir rí na bhflaitheas daorbhreith i bhfeidhm air de dheasca a chuid diamhaslaí. Ghoidinnse féin a gcoirp agus d'adhlacainn iad; nuair a chuardaíodh Sanaichéiríb iad ní fhaigheadh sé iad. [19]Chuaigh duine éigin de mhuintir Nínivé, áfach, go dtí an rí agus d'inis sé dó gur mise a bhí á n-adhlacadh; mar sin de chuaigh mé i bhfolach. Ach nuair a fuair mé amach gurbh eol don rí cad a bhí déanta agam agus go rabhthas ar tí mo mharaithe tháinig eagla orm agus theith mé liom. [20]Ansin gabhadh seilbh ar a raibh agam agus cuireadh isteach sa chiste ríoga é. Níor fágadh agamsa ach mo bhean chéile Anna agus mo mhac Tóibias. [21]Ach laistigh de dhaichead lá dhúnmharaigh beirt dá chlann mhac Sanaichéiríb agus theith siad go dtí sléibhte Ararat. Tháinig a mhac Asaradon i gcoróin ina áit. Cheap seisean Aichícheár, mac mo dhearthár Anael, i gceannas ar chúrsaí airgeadais uile na ríochta agus bhí an riarachán go léir faoina smacht freisin. [22]Ansin rinne Aichícheár idirghuí ar mo shon agus tháinig mé ar ais go Nínivé. Óir nuair a bhí Sanaichéiríb ina rí ar na hAsaírigh, b'é Aichícheár an príomhchornaire agus coimeádaí an tséala ríoga agus an

riarthóir agus an cisteoir agus cheap Asaradon sna poist seo uile é athuair. Ar ndóigh, b'e Aichícheár mo nia agus mar sin de duine de mo lucht gaoil.

Tóibít Dall

2 Ar an ábhar sin, nuair a tháinig Asaradon i réim, d'fhill mé abhaile agus tugadh mo
bhean chéile Anna agus mo mhac Tóibias ar ais dom. Ar fhéile na Cincíse seo
againne, is é sin, ar fhéile na Seachtainí, bhí dinnéar maith ann dom agus lig mé fúm
chun é a ithe. [2]Cóiríodh an bord dom agus cuireadh a lán mias os mo chomhair. Ansin
dúirt mé le mo mhac Tóibias: "Imigh leat, a mhic, agus má fhaigheann tú duine bocht
éigin dár mbráithre atá ina gcimí cogaidh anseo i Nínivé atá dílis do Dhia óna chroí go
hiomlán, beir leat é agus íosfaidh sé an béile seo i mo chuideachta. Fanfaidh mé leat, a
mhic, nó go dtiocfaidh tú ar ais." [3]D'imigh Tóibias amach, mar sin, ar lorg duine
bhoicht éigin dár mbráithre. Ach tháinig sé ar ais arís agus dúirt: "A athair!" "Céard atá
ort, a mhic?" arsa mise leis. Dúirt sé liom ansin do mo fhreagairt: "Féach, a athair!
Dúnmharaíodh duine dár muintir agus tá a chorp ina luí amuigh ar fhaiche an mhargaidh
mar ar tachtadh é tamall beag ó shin." [4]Léim mé i mo sheasamh láithreach agus d'fhág
mé mo dhinnéar gan a bhlaiseadh; d'ardaigh mé an corp liom ó fhaiche an mhargaidh
agus chuir mé isteach i seomra é agus é ar intinn agam é a adhlacadh tar éis dul faoi na
gréine. [5]Nuair a tháinig mé ar ais, mar sin, nigh mé mé féin agus d'ith mé mo chuid faoi
bhrón. [6]Chuimhnigh mé ar na focail a dúirt an fáidh Amós i dtaobh Bhéitéil:

> "Athrófar bhur bhféilte ina n-ócáidí bróin,
> agus déanfar caointe de bhur n-amhráin go léir."

[7]Agus rinne mé gol. Ansin tar éis dul faoi na gréine d’imigh mé amach agus rinne mé uaigh agus chuir mé ann é. [8]Thosaigh mo chomharsana ag gáire fúm, á rá: “Nach bhfuil eagla air níos mó? Bhíothas ar a thóir cheana féin chun é a mharú mar gheall ar an ngníomh seo agus b’éigean dó teitheadh agus seo anois é arís agus é ag adhlacadh na marbh!”

[9]An oíche chéanna sin thug mé folcadh dom féin agus chuaigh mé isteach i mo chlós agus chuaigh mé a chodladh in aice le balla an chlóis. Ó bhí sé te d’fhág mé m’aghaidh gan chlúid. [10]Ní raibh a fhios agam go raibh gealbháin bhinne sa bhalla os mo chionn; thit a mbualtrach te isteach i mo shúile agus tháinig spotaí bána orthu. Chuaigh mé go dtí na dochtúirí chun leigheas a fháil. Ach dá mhéad ungaidh dár chuir siad orm is ea is daille a d’éirigh mo shúile de dheasca na spotaí, nó go raibh mé dall ar fad ar deireadh thiar. Ní raibh radharc na súl agam ar feadh ceithre bliana; bhí mo ghaolta uile buartha mar gheall orm; ach thug Aichícheár aire dom ar feadh dhá bhliain nó gur imigh sé go dtí Eilíomais.

[11]Lena linn sin thug mo bhean chéile Anna faoi obair mhná a dhéanamh ar thuarastal. [Shníomhadh sí olann agus d’fhíodh sí éadach;] [12]nuair a thugadh sí a mbíodh déanta aici dá fostóirí d’íocaidís a luach léi. An seachtú lá de Mhárta, áfach, bhí píosa éadaigh fite aici agus thug sí dá fostóirí é mar ba ghnách léi. D’íoc siadsan an luach iomlán léi ach lena chois sin thug siad meannán gabhair di le haghaidh béile. [13]Nuair a tháinig an meannán isteach sa teach thosaigh sé ag meigeallach. Ghlaoigh mé ar Anna ansin agus dúirt mé léi: “Cad as a tháinig an meannán sin? B’fhéidir gur goideadh é! Tabhair ar ais é do na daoine ar leo é. Ní ceart dúinn rud a goideadh a ithe.” [14]Ach dúirt sise liom: “Is

amhlaidh a tugadh mar bhronntanas dom é de bhreis ar mo thuarastal.” Níor chreid mé í
agus dúirt mé léi arís é a thabhairt ar ais do na daoine ar leo é agus las mé le náire ina
láthair dá dheasca. Dúirt sí liom ansin: “Cá bhfuil do chuid déirce anois? Cá bhfuil do
dhea-ghníomhartha? Féach, is eol do chách anois cén saghas thú!”

3 Thit dubhnéal doilbhir cumha ar mo chroí ansin; lig mé osna asam agus rinne mé gol
agus thosaigh mé ag guí agus ag caoi mar seo:
2 “Is cóir thú a Thiarna,
agus is cóir iad do chuid oibreacha go léir;
is trócaireach agus is dílis thú de shíor,
agus is tusa breitheamh an domhain mhóir.
3 Cuimhnigh orm anois, a Thiarna, agus féach orm.
Ná smachtaigh mé mar gheall ar mo pheacaí
ná in éiríc mo chionta aineolais féin
ná cionta aineolais mo shinsir.
Óir pheacaíomar i d’aghaidh
4 agus bhriseamar d’aitheanta;
ach thug tú suas sinn
don chreachadh, don bhraighdeanas agus don bhás,
don mhagadh, don scige agus don mhasla
i bhfianaise na náisiún go léir ar scaip tú sinn ina measc.
5 Ach is cóir iad do bhreithiúnais iomadúla,
nuair a chaitheann tú liom de réir mo pheacaí

(agus de réir peacaí mo shinsear),
mar níor choimeádamar d’aitheanta
ná níor chaitheamar ár saol go fíorchráifeach i do láthair.
[6]Déan liom anois, mar sin, mar is toil leat;
ordaigh an t-anam a imeacht asam
ionas go mbeidh mé réidh leis an saol seo
agus go ndéanfar cré díom arís;
óir is fearr dom an bás ná an bheatha,
mar bhí orm éisteacht le hachasáin nach raibh tuillte agam
agus tá mé lán de bhrón dá bharr.
A Thiarna, ordaigh m’fhuascailt ón ainnise seo;
lig dom imeacht go dtí m’áit chónaithe shíoraí;
ná hiompaigh d’aghaidh uaim, a Thiarna.
Is fearr dom bás a fháil
ná bheith ag fulaingt an oiread sin anró
ar feadh mo shaoil
agus ag éisteacht leis na hachasáin seo.”

Sárá agus a Trioblóidí

[7]An lá céanna sin tharla gurbh éigean do Shárá, iníon Raguéil, fear a raibh cónaí air in Eacbatana na Méide, éisteacht le hachasáin ó dhuine de chailíní aimsire a hathar. [8]Is

amhlaidh a tugadh Sárá mar bhean chéile do sheachtar fear ach mharaigh an
drochdheamhan, Asmódaes, iad ina gceann agus ina gceann sula raibh aon chaidreamh
acu léi faoi mar atá sé leagtha amach do mhná pósta. Is é a dúirt an cailín aimsire ná: “Is
tusa a mharaíonn do chuid fear. Féach! tugadh mar bhean chéile thú do sheachtar fear
cheana féin ach níor tugadh ainm aon duine amháin díobh ort riamh. [9]Cén fáth a lascann
tú sinne toisc go bhfuair do chuid fear bás? Imigh leat mar aon leo! Ná feicimisne mac
ná iníon leat choíche!”

[10]An lá sin tháinig gruaim ar a croí; rinne sí gol agus chuaigh sí in airde staighre go
dtí seomra uachtair i dteach a hathar agus é ar intinn aici í féin a chrochadh. Ach rinne sí
athmhachnamh agus dúirt: “B’fhéidir go dtabharfaí achasán do m’athair agus go
ndéarfaí leis: ‘Ní raibh ach aon iníon ionúin amháin agat ach chroch sí í féin de dheasca
a cuid trioblóidí.’ Sa tslí sin tharraingeoinn m’athair síos san uaigh ina sheanaois le
teann dobróin. B’fhearr dom gan mé féin a chrochadh ach a iarraidh ar an Tiarna ligean
dom bás a fháil ionas nach mbeadh orm mo shaol a chaitheamh ag éisteacht le
hachasáin.”

[11]Ag an am sin díreach leath sí a dhá láimh amach i dtreo na fuinneoige agus ghuigh
sí mar seo:

“Is beannaithe thú, a Dhia na trocaire!
Moladh go deo le d’ainm!
Go mola d’oibreacha go léir thú go brách!
[12]Ardaím m’aghaidh chugat anois;
iompaím mo shúile i do threo.

13 Ordaigh mé a scaoileadh ón saol seo
agus gan mé a bheith ag éisteacht a thuilleadh le hasacháin.
14 Is eol duit, a mháistir, go bhfuil mé geanmnaí,
mar nach raibh cuid agam d'aon fhear riamh.
15 Níor shalaigh mé m'ainm féin
ná ainm m'athar ach oiread i dtír mo dheoraíochta.
Is mise aon iníon amháin m'athar
agus níl aon oidhre eile air ach mé.
Níl aon ghaol fola ná fear muinteartha aige
a gcoinneoinnse mé féin beo
chun bheith i mo bhean chéile aige ar ball;
cheana féin cailleadh seachtar fear céile orm;
cad chuige, mar sin, a gcaithfidh mé fanacht beo?
Mura mian leat, a Thiarna, mé bás a fháil,
déan trócaire orm agus ná cloisim asachán á chaitheamh liom feasta."
16 Ag an am sin díreach éisteadh le guí na beirte i láthair Dia na glóire. 17 Is amhlaidh a chuir sé Rafael uaidh chun an bheirt a leigheas: chun na spotaí bana a bhaint de shúile Thóibít ionas go bhfeicfeadh sé solas Dé lena shúile cinn agus chun Sárá, iníon Raguéil, a thabhairt do Thóibias, mac Thóibít, mar bhean chéile agus chun an drochdheamhan, Asmódaes, a dhíbirt aisti; mar bhí sé de cheart ag Tóibias í a fháil thar aon duine eile dóibh siúd a bhí ag tnúth lena pósadh. 18 An nóiméad céanna ar chas Tóibít isteach ina theach féin ón gclós, tháinig Sárá, iníon Raguéil, anuas ón seomra uachtair.

Comhairle a Athar do Thóibias

4 An lá céanna sin chuimhnigh Tóibít ar an airgead a bhí curtha i dtaisce aige ag
Gabael i Raigéis sa Mhéide [2]agus dúirt sé leis féin: “Táim díreach tar éis a iarraidh
bás a fháil. Cén fáth nach nglaofainn mo mhac Tóibias chugam agus a insint dó i dtaobh
an airgid seo sula bhfaighe mé bás?” [3]Ghlaoigh sé a mhac Tóibias chuige mar sin agus
nuair a tháinig sé dúirt sé leis: “A mhic, nuair a gheobhaidh mé bás cuir tórramh cuí
orm; tabhair urraim do do mháthair agus ná tréig í fad a bheidh sí beo; cibé ní is áil léi
déan é agus ná cuir brón uirthi in aon ní ar bith. [4]Cuimhnigh, a mhic, gurb iomaí guais a
ndeachaigh sí tríd ar do shonsa nuair a bhí tú ina broinn. Nuair a gheobhaidh sí bás déan
í a adhlacadh taobh liom san aon uaigh amháin.

[5]“Ar feadh do shaoil go léir, a mhic, coinnigh an Tiarna os comhair d’aigne; ná déan
peaca; ná bris aon cheann ar bith dá aitheanta. Fad a mhairfidh tú déan gníomhartha
fónta agus ná siúil ar bhóithre na hurchóide. [6]Óir, má mhaireann tú de réir na fírinne
cuirfidh Dia rath ar do shaothar dála na ndaoine uile a chaitheann a saol go fíréanta.

[7]“Tabhair deirc gan doicheall as a bhfuil agat; ná hiompaigh d’aghaidh ó aon duine
bocht agus ní iompóidh Dia a aghaidh uait. [8]Déan déirc de réir d’acmhainne; má bhíonn
gustal mór agat, tabhair déirc mhór as go fial; mura mbíonn agat ach beagán, tabhair
níos lú ach ná staon ar fad ón déirc a dhéanamh. [9]Beidh stór maith á chur i dtaisce agat
do lá an ghátair. [10]Óir saorann an déirc an duine ón mbás agus ní ligeann sí dó dul
isteach sa dorchadas. [11]Na daoine go léir a thugann déirc, déanann siad ofráil atá
taitneamhach leis an Té is Airde.

12 “Seachain thú féin, a mhic, ar gach saghas drúise agus thar gach ní eile déan bean
chéile a thoghadh as sliocht do shinsear. Ná togh bean choimhthíoch nach de threibh
d’athar í, mar is de shliocht na bhfáithe sinn. Cuimhnigh ar Naoi agus ar Abrahám, ar
Íosác agus ar Iacób, ár sinsir, a bhí ann anallód; thogh siad go léir mná céile óna gcine
féin. Údar beannachtaí dóibh ba ea a gclann agus gheobhaidh a sliocht seilbh na talún.
13 Dá bhrí sin, a mhic, bíodh grá agatsa chomh maith do do lucht gaoil. Ná bí chomh
huaibhreach sin nach bpósfá duine ar bith de bhantracht do chine féin. Óir is é an
t-uabhar is cúis le léirscrios agus le heasordú; is ón díomhaointeas a eascraíonn an
dealús agus an t-anás; mar is é an díomhaointeas a ghineann gorta.
14 “Ná coinnigh thar oíche tuarastal do chuid oibrithe ach íoc leo é ar an toirt. Má
fhónann tú do Dhia gheobhaidh tú luach saothair. Tabhair aire duit féin, a mhic, i do
ghníomhartha uile agus iompair thú féin go dea-mhúinte i gcónaí. 15 An ní is fuath leat
féin ná déan ar aon duine eile é. Ná hól an oiread sin fíona a chuirfeadh ar meisce thú.
Ná bíodh an mheisce do do thionlacan ar do shlí.
16 “Tabhair arán don ocrach agus éadach don nocht; má bhíonn fuílleach agat tabhair
mar dhéirc é; ach ná déan go doicheallach é. 17 Doirt do chuid fíona agus ofráil do chuid
aráin ar thuamaí na bhfíréan ach ná tabhair iad do na peacaigh.
18 “Iarr comhairle ar gach duine ciallmhar agus ná déan beag d’aon chomhairle a
d’fhéadfadh a bheith tairbheach duit. 19 Mol an Tiarna Dia gach uile thráth agus iarr air
treoir chinnte a thabhairt duit agus an rath a chur ar a bhfuil beartaithe agat a dhéanamh.
Óir níl teacht ag aon phágánach ar bith ar dhea-chomhairle; mar is é an Tiarna amháin a
thugann gach dea-thabhartas. Ardaíonn an Tiarna cibé duine is mian leis agus íslíonn sé

go dtí an t-ifreann is doimhne cibé is mian leis freisin. Mar sin de a mhic, coimeád cuimhne ar m'aitheanta agus ná glantar de do chroí iad go deo.

[20]"Is mian liom a chur in iúl duit anois, a mhic, gur fhág mé deich dtallann i dtaisce ag Gabael, mac Ghaibrí, i Raigéis sa Mhéide. [21]Ná bíodh aon imní ort mar sin, a mhic, toisc sinne a bheith go beo bocht; óir má bhíonn eagla Dé ort agus gach peaca a sheachaint agus na gníomhartha a thaitníonn le do Thiarna Dia a dhéanamh beidh tú i d'fhear saibhir fós."

An tAingeal Rafael le Tóibias

5 Ansin thug Tóibias an freagra seo ar a athair, Tóibít: "Gach ní a d'ordaigh tú dom, a athair, déanfaidh mé é. [2]Ach conas a fhéadfaidh mé an t-airgead a fháil uaidh agus gan aithne againn ar a chéile? Cén comhartha a thaispeánfaidh mé dó i dtreo go n-aithneoidh sé mé agus go gcreidfidh sé mé agus go dtabharfaidh sé an t-airgead dom; rud eile, ní eol dom ach oiread na bóithre a thabharfaidh chun na Méide mé." [3]Mar fhreagra air sin dúirt Tóibít lena mhac, Tóibias: "Is amhlaidh a chuireamar araon ár n-ainmneacha le hadmháil fiacha. Rinne mise dhá leath de ansin i dtreo go mbeadh leath amháin an duine againn. Choinnigh mise mo leath féin agus fágadh an leath eile leis an airgead. Agus féach, tá sé fiche bliain anois ó d'fhág mé an t-airgead sin i dtaisce aige. Anois, a mhic, faigh duine éigin iontaofa le dul in éineacht leat agus tabharfaimid luach a shaothair dó nuair a fhillfidh tú. Imigh leat mar sin agus faigh an t-airgead ó Ghabael."

[4]D'imigh Tóibias amach ar lorg duine éigin a rachadh chun na Méide in éineacht leis agus a raibh eolas na slí aige. Chomh luath agus a tháinig sé amach fuair sé an t-aingeal

Rafael os a chomhair. Ní raibh a fhios aige, áfach, gurbh aingeal Dé é [5]agus dúirt sé leis: “Cér díobh thú, a ógánaigh?” “Iosraelach is ea mé,” ar seisean leis, “duine de do lucht gaoil féin; is amhlaidh a tháinig mé anseo ag lorg oibre.” “An eol duit an tslí chun na Méide?” d’fhiafraigh Tóibias de. [6]“Is eol dom go deimhin,’’ ar seisean, “bhí mé ann go minic cheana; tá seanaithne agam ar an áit agus is eol dom na bealaí go léir chuige. Is minic a thaistil mé chun na Méide agus chuirinn fúm i dteach ár bhfir ghaoil, Gabael, fear atá ina chónaí i Raigéis na Méide. Tá Raigéis aistear dhá lá iomlána ó Eacbatana (agus tá sé suite sna sléibhte).” [7]Dúirt Tóibias leis ansin: “Fan liom anseo, a ógánaigh, nó go rachaidh mé isteach chun é seo a insint do m’athair; mar tá tú ag teastáil uaim chun dul in éineacht liom agus, dar ndóigh, tabharfaidh mé luach saothair duit.” [8]“Tá go maith,” d’fhreagair Rafael, “fanfaidh mé leat ach na déan moill.”

[9]Chuaigh Tóibias isteach ansin agus d’inis sé an scéal go léir dá athair, á rá: “Táim tar éis Iosraelach a fháil chun dul liom; duine dar lucht gaoil féin is ea é.” “Glaoigh isteach chugam é, a mhic,” arsa a athair leis, “is mian liom a fháil amach cad iad an chlann agus an treibh ar díobh é agus an bhfuil sé iontaofa go leor chun dul leat.” D’imigh Tóibias amach arís ansin agus ghlaoigh sé an fear chuige, á rá: “Is mian le m’athair labhairt leat, a ógánaigh.”

[10]Chuaigh Rafael isteach chuige agus bheannaigh Tóibít dó ar dtús. Dúirt Rafael leis, á fhreagairt: “Go maire tú i bhfad faoi lúcháir.” “Cén t-ábhar lúcháire atá agamsa,” arsa Tóibít leis ansin. “Tá radharc mo shúl caillte agam; ní féidir dom solas na gréine a fheiceáil; is amhlaidh a chaithim mo shaol sa dorchadas ar nós na marbh nach bhfeiceann an solas níos mó. Cé go bhfuil mé beo is i measc na marbh a bhím; cloisim

guthanna daoine ach ní fheicim iad.” Dúirt Rafael leis ansin: “Bíodh misneach agat! Tá sé beartaithe ag Dia tú a leigheas tar éis tamaillín eile; bíodh misneach agat!” “Is mian le mo mhac, Tóibias, dul chun na Méide,” arsa Tóibít leis ansin. “An bhféadfá dul in éineacht leis chun é a threorú? Dar ndóigh; a bhráthair, tabharfaidh mé luach saothair duit.” D’fhreagair Rafael é mar a leanas: “Is féidir dom dul leis; is eol dom na bealaí go léir chun na Méide agus is minic a chuaigh mé ann agus a thaistil mé a mánna agus a sléibhte uile. Ní ionadh mar sin gurb eol dom a bealaí go léir.” [11]D’fhiafraigh Tóibít de ansin: “Cad iad an chlann agus an treibh ar díobh thú? Ar mhiste leat é sin a insint dom, a bhráthair?” [12]D’fhreagair Rafael é, á rá: “Cad is gá fios mo threibhe a bheith agat?” “Is mian liom, a bhráthair,” arsa Tóibít, “eolas cruinn a fháil ar d’athair agus ar d’ainm féin.”

[13]“Is mé Azairias, mac an Anainias is sine, duine de do lucht gaoil féin,” arsa Rafael. [14]Dúirt Tóibít leis ansin: “Céad míle fáilte romhat, a bhráthair! Ná bí crosta liom, a bhráthair, toisc gur mhian liom an fhírinne a fháil i dtaobh do mhuintire. Ach is amhlaidh atá gaol agatsa linn agus is de shliocht uasal macánta thú. Bhí aithne agam ar Anainias agus ar Nátán, beirt mhac an tSeimilias is sine. Théidís go Iarúsailéim in éineacht liom agus d’adhraimis Dia le chéile ann. Ní dheachaigh siad ar fán ó Dhia riamh. Daoine macánta is ea do mhuintir agus is de dhea-bhunadh thú. Is é do bheatha chugainn.”

[15]Lean sé air ansin, á rá: “Tabharfaidh mé drachma in aghaidh an lae duit mar luach saothair agus an liúntas cothaithe céanna agus a bheidh ag mo mhac. Is ea, má thaistealaíonn tú le mo mhac, [16]cá bhfios nach méadóidh mé an luach saothair duit.”

“Rachaidh mé leis,” arsa Rafael. “Ná bíodh aon eagla ort. Rachaimid ann agus fillfimid
ar ais chugat go slán sábháilte mar ní baol dúinn na bóithre.” [17]“Go soirbhí Dia duit, a
bhráthair!” arsa Tóibít. Ansin ghlaoigh sé a mhac chuige agus dúirt: “Ullmhaigh a
mbeidh uait ar an turas, a mhic, agus imigh leat in éineacht le d’fhear gaoil seo. Go
gcumhdaí Dia na bhflaitheas sibh ar an mbóthar agus go seola sé ar ais chugam sibh go
slán folláin agus go dtionlaca a aingeal naofa sibh, a mhic, ionas go mbeidh sibh saor ó
gach baol.”

Roimh dó cur chun bóthair phóg Tóibias a athair agus a mháthair agus dúirt a athair
leis: “Go n-éirí do bhóthar leat.” Ach thosaigh a mháthair ag gol agus dúirt sí le Tóibít:
“Cad chuige a bhfuil mo leanbh á chur chun siúil agat uainn? Nach é ár gcrann seasta é
fad a mhaireann sé inár gcuideachta? [18]An ea nach bhfuil spéis agat in aon ní ach san
airgead? Nach bhfuil ach dríodar ann i gcóimheas lenár mac? [19]An tslí bheatha atá
tugtha dúinn ag an Tiarna, nach leor sin dúinn?” [20]“Caith na smaointe sin as do cheann,
a shiúr,” arsa Tóibít léi. “Rachaidh ár mac ann agus fillfidh sé ar ais chugainn go slán
sábháilte agus feicfidh do shúile cinn é an lá a thiocfaidh sé ar ais chugat i mbarr a
shláinte. [21]Ná bíodh imní ná eagla dá laghad ort mar gheall orthu a shiúr. Óir rachaidh
6 aingeal maith in éieacht leis agus cuirfidh Dia rath ar a thuras agus fillfidh sé slán
abhaile.” [1]Stad sí den ghol ansin.

An Turas go Raigéis

[2]D’fhág an buachaill agus an t-aingeal an teach le chéile agus tháinig an gadhar amach
leo agus chuaigh sé ina dteannta. Shiúil an bheirt ar aghaidh nó gur thit an oíche orthu.

Rinne siad campa ansin ar bhruach na Tígrise. [3]Nuair a chuaigh an buachaill síos chun a chosa a ní san abhainn, léim iasc mór aníos as an uisce agus d'fhéach sé le cos an ógánaigh a shlogadh. Lig seisean scread as le neart uafáis [4]ach dúirt an t-aingeal leis: "Beir ar an iasc agus ná lig dó éalú!" Rug an t-ógánach greim daingean air agus tharraing sé aníos ar an mbruach é. [5]"Scoilt é," arsa an t-aingeal leis, "agus gearr an domlas agus an croí agus an t-ae amach as. Cuir iadsan i leataobh duit féin ach caith uait na hinní; mar is amhlaidh atá leigheas sa domlas agus sa chroí agus san ae." [6]Mar sin de, tar éis dó an t-iasc a scoilteadh, chuir Tóibias an domlas agus an croí agus an t-ae i leataobh le chéile. Ansin rinne sé cuid den iasc a ghríoscadh agus a ithe; shaill sé an chuid eile de agus choimeád sé é don turas. Lean siad leo ar aghaidh ansin le chéile nó gur tháinig siad cóngarach don Mhéide.

[7]Ansin chuir an t-ógánach an cheist seo ar an aingeal: "A Azairias, a bhráthair liom, cad é an leigheas atá sa domlas agus sa chroí agus san ae?" [8]Dúirt an t-aingeal leis, á fhreagairt: "Má dhónn tú croí agus ae an éisc i láthair duine atá á chiapadh ag deamhan nó ag drochspiorad éigin cuirfidh an deatach deireadh leis an ngéarleanúint seo agus ní fhanfaidh deamhan nó drochspiorad ar na cóngair níos mó. [9]Maidir leis an domlas, áfach, má chuimlíonn tú é do shúile a bhfuil spotaí bána orthu ní bheidh le déanamh agat ach séideadh isteach iontu ar na spotaí bána chun iad a leigheas."

[10]Nuair a chuaigh siad isteach sa Mhéide agus go raibh siad ag druidim le hEacbatana, [11]dúirt Rafael leis an mbuachaill: "A Thóibias, a bhráthair liom." "Is ea," ar seisean. Dúirt an t-aingeal leis ansin: "Caithimid cur fúinn anocht i dteach Raguéil. Gaol leatsa is ea an fear seo agus tá iníon aige darb ainm Sárá. [12]Níl aon mhac nó iníon eile

aige ach í. Ós tusa is gaire gaol di, is agatsa thar aon fhear eile atá sé de cheart í a phósadh agus maoin a hathar a fháil mar oidhreacht. Is cailín stuama misniúil fíorálainn í agus tá grá as cuimse ag a hathair di.” [13]Ansin lean sé air, á rá: “Ós rud é go bhfuil sé de cheart agat í a phosadh, a bhráthair, éist liom. Labhróidh mé anocht féin i dtaobh an chailín lena hathair d’fhonn go bhfaighidh mé duit í mar bhrídeach agus beidh an pósadh againn nuair a fhillfimid ó Raigéis. Is eol dom nach féidir le Raguéil í a choimeád uait nó cleamhnas a dhéanamh idir í agus fear éigin eile. Cion báis ba ea é sin de réir an reachta atá leagtha síos i leabhar Mhaois; óir tá a fhios aige go bhfuil sé de cheart agatsa thar aon fhear eile í a phósadh. Éist liom anois, a bhráthair, mar sin. Labhróimid anocht féin leis i dtaobh an chailín agus déanfaimid cleamhnas idir í agus tusa. Nuair a fhillfimid ó Raigéis, tabharfaimid ar ais linn í chun do thí féin.”

[14]Ansin dúirt Tóibias leis, á fhreagairt: “A Azairias, a bhráthair liom, chuala gur pósadh í le seachtar fear cheana féin agus gur thit gach fear díobh marbh sa seomra pósta. Is amhlaidh a d’fhaighidís bás an chéad oíche a théidís isteach chuici. Chuala mé daoine á rá gur dheamhan a mharaigh iad. [15]Mar sin de tá eagla orm; óir ní dhéanann an deamhan aon dochar dise toisc grá a bheith aige di ach maraíonn sé gach fear ar mian leis dul ina haice. Anois níl aon duine clainne ag m’athair ach mé, agus dá bhfaighinnse bás thabharfainn m’athair agus mo mháthair síos san uaigh le neart dobróin i mo dhiaidh, agus gan aon mhac eile acu chun iad a adhlacadh.”

[16]“Nach cuimhin leat orduithe d’athar,” arsa Rafael leis. “D’ordaigh sé duit bean chéile a thoghadh as a mhuintir féin. Éist liom anois, a bhráthair. Ná bíodh aon imní ort mar gheall ar an deamhan ach déan Sárá a phósadh. Tá mé cinnte de go dtabharfar duit

mar bhean chéile í anocht féin. [17]Nuair a rachaidh tú isteach sa seomra pósta, tóg cuid
d'ae an éisc agus a chroí agus cuir ar ghríosach na túise iad. [18]Chomh luath agus a
gheobhaidh an deamhan an boladh a thabharfaidh siad uathu teithfidh sé agus ní
fheicfear ina haice é feasta. Ansin roimh duit comhriachtain a dhéanamh léi éirígí beirt
ar dtús agus guígí le chéile ansin agus impígí ar Thiarna na bhflaitheas trócaire a
dhéanamh oraibh agus sibh a shlánú. Ná bíodh eagla ar bith ort mar is duitse a ceapadh í
roimh chruthú an domhain. Fuasclóidh tú í agus rachaidh sí leat. Is é mo bharúil go
mbeidh clann aici leat, a dhéanfaidh ionad deartháireacha duit. Dá bhrí sin ná bíodh aon
imní ar bith ort."

[19]Nuair a chuala Tóibias focail Rafael agus go raibh gaol ag Sárá leis féin toisc í a
bheith de shliocht mhuintir a athar thit sé i ngrá léi go mór agus bhí a chroí casta istigh
inti.

Sroicheann siad Eacbatana

7 Nuair a shroich siad Eacbatana dúirt Tóibias: "A Azairias, a bhráthair liom, beir leat
mé láithreach go dtí teach m'fhir ghaoil, Raguéil." Rug seisean leis é mar sin go dtí
teach Raguéil agus tháinig siad air agus é ina shuí ag geata an chlóis. Bheannaigh siad
dósan ar dtús agus dúirt seisean leo: "Céad míle fáilte romhaibh, a bhráithre. Is maith
liom gur tháinig sibh anseo slán." Thug sé isteach sa teach iad ansin. [2]"Nach bhfuil an
buachaill seo cosúil le m'fhear gaoil, Tóibít?" ar seisean lena bhean chéile, Eadna.
[3]D'fhiafraigh Eadna díobh ansin, á rá: "Cér díobh sibh, a bhráithre?" D'fhreagair siad:

“De threibh Naftáilí atá ar deoraíocht anois i Nínivé.” [4]“An bhfuil aithne agaibh ar ár
bhfear gaoil. Tóibít?” ar sise leo. “Tá, go deimhin,” ar siadsan léi. Ansin dúirt sí leo,
“An bhfuil sé ar fónamh?” [5]“Tá sé ina bheatha agus ina shláinte go fóill,” d’fhreagair
siad. “Is é m’athair féin é!” arsa Tóibias. [6]Léim Raguéil ina sheasamh agus thug sé póg
dó agus é ag sileadh deor. [7]Dúirt sé leis ansin: “Bail ó Dhia ort, a bhuachaill, a mhic an
dea-athar uasail! Nach trua an scéal é gur chaill fear fíréanta déirciúil mar é radharc a
shúl!” Chaith sé é féin ansin ar bhráid Thóibias agus é ag gol go fuíoch [8]agus thosaigh
Eadna, a bhean chéile, agus Sárá, a iníon, ag gol chomh maith mar gheall ar Thóibít.

[9]Ina dhiaidh sin mharaigh sé reithe as an tréad agus cuireadh fáilte fhíorchaoin
rompu. Tar éis dóibh iad féin a ní agus a fholcadh lig siad fúthu ag bord. Ansin dúirt
Tóibias le Rafael: “A Azairias, a bhráthair liom, abair le Raguéil Sárá, mo bhean
mhuinteartha, a thabhairt dom.” [10]Ach chuala Raguéil an chaint sin agus dúirt sé leis an
mbuachaill: “Ith agus ól agus bíodh áthas ort an oíche seo, mar níl aon fhear eile ann
seachas tú féin, a bhráthair liom, a bhfuil sé de cheart aige m’iníon a fháil. Mar an
gcéanna, i dtaca liomsa de, níl aon údarás agam í a thabhairt d’aon fhear eile ach duitse
amháin, mar is agatsa atá an gaol is gaire liom. Mar sin féin, a mhic, caithfidh mé an
fhírinne iomlán a insint duit. [11]Is amhlaidh a thug mé mar chéile í do sheachtar fear dár
mbráithre féin i ndiaidh a chéile, ach maraíodh gach duine díobh chomh luath agus a
chuaigh siad isteach ina seomra an oíche sin. Ach ith agus ól leat anois, a mhic, agus cá
bhfios nach dtabharfaidh an Tiarna a ghrásta agus a shíocháin duitse?” Ach dúirt
Tóibias: “Ní íosfaidh ná ní olfaidh mé dada feasta nó go ndéanfaidh tú socrú éigin i mo
thaobhsa.” “Tá go maith,” arsa Raguéil leis, “ós leatsa í de réir dlí leabhar Mhaois,

ordaíonn na flaithis féin í a thabhairt duit. Mar sin de, glac cúram do mhná muinteartha
ort féin. Ón uair seo amach is tusa a fear céile agus is ise do bhean chéile; is leatsa í ón
lá seo amach agus go deo. Go rathaí Tiarna neimhe sibh anocht, a mhic, agus go dtuga
sé grásta agus síocháin daoibh.” [12]Ansin chuir Raguéil fios ar a iníon, Sárá, agus tháinig
sí chuige. Rug sé greim láimhe uirthi agus thug sé do Thóibias í á rá: “Cuirim faoi do
chúram í; tugann an dlí agus an reacht atá scríofa i leabhar Mhaois duit í mar bhean
chéile. Tóg í; beir leat abhaile go teach d’athar í le coinsias glan agus go rathaí Dia
neimhe bhur dturas.” [13]Chuir sé fios ar a máthair ansin agus dúirt sé léi páipéar a
thabhairt chuige. Ansin scríobh sé conradh pósta amach ag tabhairt Sárá dó mar bhean
chéile de réir an reachta atá i ndlí Mhaois. [14]Ina dhiaidh sin thosaigh siad ag ithe agus ag
ól.

[15]Tar éis tamaill bhagair Raguéil ar a bhean chéile, Eadna, agus dúirt sé léi:
“Ullmhaigh an seomra breise, a bhean chóir, agus tabhair isteach ann í.” [16]D’imigh sise
agus chóirigh sí an seomra mar a dúradh léi agus thug sí Sárá isteach ann. Thosaigh sí
ag gol mar gheall uirthi ansin ach tar éis di a deora a thriomú dúirt sí le Sárá: [17]“Múscail
do mhisneach, a iníon ó! Go dtuga Tiarna na bhflaitheas áthas duit in áit an dobróin.
Bíodh misneach agat, a iníon ó!” D’imigh sí amach ansin.

An Deamhan á Ruaigeadh

8 Nuair a bhí deireadh ite agus ólta acu, ba mhian leo dul a chodladh. Rinne an
tseanlánúin an buachaill a thionlacan ón seomra bia go dtí an seomra codlata.

[2]Chuimhnigh Tóibias ar bhriathra Rafael agus thóg sé ae an éisc agus a chroí as an mála
mar a raibh siad aige agus leag sé ar ghríosach na túise iad. [3]Chuir an boladh cosc ar an
deamhan agus theith sé go dtí an Éigipt Uachtair. Chuaigh Rafael sa tóir air láithreach
agus chuir sé ceangal na gcúig chaol air ann [agus d'fhill sé gan mhoill].

[4]Idir an dá linn d'imigh an tseanlánúin as an seomra agus dhún siad an doras ina
ndiaidh. D'éirigh Tóibias amach as an leaba ansin agus dúirt sé le Sárá: "Éirigh, a stór!
Guímis agus iarraimis ar ár dTiarna trócaire a dhéanamh orainn agus sinn a shlánú."
[5]D'éirigh sise agus thosaigh siad ag guí agus ag iarraidh go slánófaí iad agus chuir
Tóibias tús ar an urnaí mar seo:

"Is beannaithe thú, a Dhia ár sinsear;
go moltar d'ainm choíche agus go brách;
na flaithis agus gach ar chruthaigh tú,
go mola siad thú go deo.
[6]Is tú a rinne Ádhamh;
rinne tú Éabha, a bhean chéile, chomh maith
chun cabhair agus cúnamh a thabhairt dó;
agus is ón mbeirt seo a shíolraigh an cine daonna.
Is tú a dúirt: 'Ní maith an duine a bheith ina aonar;
déanaimis céile cúnta dó cosúil leis féin.'
[7]Mar sin de, ní le teann drúise
a ghlacaim mo bhean mhuinteartha chugam mar chéile
ach le croí ionraic glan.

Deonaigh trócaire a dhéanamh ormsa agus uirthi
sa chaoi go bhfaighimid aois mhaith i dteannta a chéile.”
[8]Agus dúirt siad araon ansin: “Amen! Amen!” [9]agus chodail siad ar feadh na hoíche.
Nuair a d’éirigh Raguéil ghlaoigh sé chuige a chuid seirbhíseach agus d’imigh siad amach agus bhain siad uaigh. [10]Óir dúirt sé, “Is eagal liom go bhfaighidh sé bás agus go ndéanfar ceap magaidh agus aithise dínne.” [11]Chomh luath agus a bhí an uaigh bainte acu chuaigh Raguéil isteach sa teach agus ghlaoigh sé a bhean chéile chuige [12]agus dúirt sé léi: “Ar mhiste leat duine de na cailíní aimsire a chur isteach sa seomra féachaint an bhfuil sé beo? Óir, más amhlaidh atá sé marbh, déanaimis é a adhlacadh gan fhios d’aon duine.” [13]Tar éis dóibh lampa a lasadh agus an doras a oscailt dúirt siad leis an gcailín dul isteach. Nuair a chuaigh sise isteach, fuair sí an bheirt acu ina sámhchodladh le chéile. [14]Amach léi láithreach agus d’inis sí dóibh go raibh Tóibias beo agus nach ndearnadh aon dochar ar bith dó. [15]Thosaigh siad, mar sin, ar Dhia na bhflaitheas a mholadh mar a leanas:

“Moladh go deo leat, a Dhia,
le gach moladh dá ghlaine!
Go moltar thú trí shaol na saol!
[16]Moladh go deo leat, a Dhia,
mar chuir tú áthas ormsa
agus níor tharla an tubaiste
a raibh eagla orm roimpi;

óir chaith tú linn
de réir do mhórthrócaire.
17 Moladh go deo leat, a Dhia,
mar bhí trua agat don bheirt aonghin seo.
Déan trócaire orthu, a Thiarna,
agus slánaigh iad.
Tabhair dóibh a mbeatha a chaitheamh
go háthasach grámhar go deireadh a saoil.”
18 Ansin d’ordaigh sé dá sheirbhísigh an uaigh a líonadh roimh bhreacadh an lae.

An Bhainis

19 Dúirt sé lena bhean chéile ansin a lán builíní aráin a dhéanamh; d’imigh sé féin amach go dtí a thréad agus thug sé leis as dhá dhamh agus ceithre reithe agus d’ordaigh sé dá sheirbhísigh iad a mharú; tosaíodh ansin ar gach rud a ullmhú le haghaidh na bainise. 20 Ghlaoigh sé ar Thóibias ansin agus dúirt sé leis: “Ní bhogfaidh tú ón áit seo go ceann ceithre lá dhéag ach fanfaidh tú anseo i mo chuideachta ag ithe agus ag ól; agus cuirfidh tú áthas ar chroí cráite m’iníne. 21 Tóg leat láithreach leath amháin dá bhfuil agam agus tú ag dul abhaile chun d’athar go slán sábháilte; beidh an leath eile agaibh nuair a gheobhaidh mé féin agus mo bhean chéile bás. Bíodh misneach agat, a mhic! Is mise d’athair agus is í Eadna do mháthair; táimid chomh gaolmhar leatsa agus atáimid le do bhean chéile ionúin, anois agus choíche. Mar sin de, a mhic, bíodh misneach agat!”

Faigheann Rafael an tAirgead

9 Ina dhiaidh sin chuir Tóibias fios ar Rafael agus dúirt sé leis, [2]“A Azairias, a
bhráthair liom, ar mhiste leat ceathrar seirbhíseach agus dhá chamall a bhreith leat
agus dul go Raigéis. Imigh go dtí teach Ghabael agus tabhair dó an admháil fiacha úd.
Faigh an t-airgead uaidh agus beir leat é féin chun na bainise. [3]Tá a fhios agat go bhfuil
m’athair ag áireamh na laethanta agus má bhím go fiú aon lá amháin déanach cuirfidh
mé buairt mhór air. [4]Is eol duit chomh maith an mionn atá tugtha ag Raguéil agus ní
féidir dom cur ina choinne.” [5]D’imigh Rafael mar sin leis an gceathrar seirbhíseach agus
an dá chamall go Raigéis na Méide agus chuir siad fúthu i dteach Ghabael. Thug Rafael
an admháil fiacha dó agus d’inis sé dó freisin go raibh Tóibias, mac Thóibít, tar éis bean
a phósadh agus gur thug sé cuireadh chun na bainise dó. Chomhair Gabael na málaí
séalaithe airgid amach dó ar an toirt. Go luath ar maidin lá arna mhárach chuir siad na
málaí ar na camaill agus [6]siúd chun siúil iad go léir le chéile chun na bainise.

Nuair a chuaigh siad isteach i dteach Raguéil fuair siad Tóibias ar a shleasluí ag an
mbord. Léim sé ina sheasamh láithreach agus chuir sé fáilte is fiche roimh Ghabael.
Thosaigh seisean ag gol agus thug sé a bheannacht do Thóibias, á rá: “A ógánaigh
sháruasail, a mhic an dea-athar uasail ionraic dhéirciúil, go gcuire an Tiarna a
bheannacht anuas ó neamh ort féin agus ar do bhean chéile agus ar d’athair agus ar
mháthair do mhná céile. Moladh go deo le Dia toisc go bhfaca mé mo chol ceathrar,
Tóibias. Is é a athair ina steillbheatha é.”

Imní Tuismitheoirí Thóibias

10 Idir an dá linn bhíodh Tóibít ag áireamh na laethanta a bhainfeadh sé as Tóibias
chun imeacht agus teacht ar ais ina gceann agus ina gceann. Ach nuair a bhí na
laethanta sin thart agus gan a mhac tagtha fós, [2]dúirt sé: “B’fhéidir gur cuireadh moill
air nó go bhfuair Gabael bás agus nach bhfuil aon duine ann chun an t-airgead a
thabhairt dó.” [3]Mar sin féin tháinig buaireamh air. [4]Dúirt Anna, a bhean chéile, ansin:
“Tá mo leanbh muirneach caillte; níl sé ar marthain níos mó.” Agus thosaigh sí ag
caoineadh agus ag olagón mar gheall air agus dúirt sí: [5]“Ochón, a mhic mhuirnigh, a
ghile mo chroí! Cén fáth ar lig mé duit imeacht uaim?” [6]Deireadh Tóibít léi, áfach:
“Éist, a bhean chóir; ná bíodh aon imní ort; tá sé slán sábháilte; ní foláir nó tá siad gafa
ag gnó éigin ann; ina theanntasan is iontaofa an fear a chuaigh in éineacht leis; duine dár
muintir féin is ea é; ná bíodh aon bhuaireamh ort ina thaobh, a bhean chóir; beidh sé i
láthair anseo gan mhoill.” [7]“Bí i do thost,” a deireadh sise leis. “Ná bí ag iarraidh
dallamullóg a chur orm. Tá mo leanbh muirneach caillte.” Agus théadh sí amach gach lá
chun an bóthar a bhí gafa ag a mac a fhaire agus ní thugadh sí cluas d’aon duine. Le
fuineadh na gréine théadh sí isteach arís agus chaitheadh sí an oíche go léir ag caoineadh
agus ag olagón sa chaoi nach gcodlaíodh sí néal.

Fágann Tóibias agus Sárá Eacbatana

Nuair a bhí deireadh le ceithre lá dhéag na bainise a gheall Raguéil dá iníon faoi
mhionn, chuaigh Tóibias chuige agus dúirt sé leis, “Lig dom imeacht mar is eol dom go

gceapann m’athair agus mo mháthair nach bhfeicfidh siad mé go deo. Impím ort anois, a
athair, ligean dom imeacht chun go rachaidh mé abhaile go dtí m’athair féin. D’inis mé
duit cheana féin cén bhail a bhí air nuair a d’fhág mé é.” [8]Ach dúirt Raguéil leis: “Fan
go fóill, a mhic; fan anseo i mo chuideachta agus cuirfidh mé teachtairí go dtí d’athair
chun a insint dó conas atá tú.” [9]“Ná déan,” arsa Tóibias leis, “ach lig dom féin dul
abhaile go dtí m’athair.”

[10]Thug Raguéil a bhean chéile, Sárá, suas do Thóibias ansin gan a thuilleadh moille
mar aon le leath dá mhaoin uile: sclábhaithe fear agus ban, ba agus caoirigh, asail agus
camaill, éadaí agus airgead agus airnéis tí. [11]Nuair a bhí sé ag cur slán leo abhaile rug sé
barróg ar Thóibias agus dúirt sé leis: “Slán leat, a mhic; go n-éirí an bóthar leat. Go
gcuire Tiarna na bhflaitheas rath ort féin agus ar do bhean chéile, Sárá, agus go bhfeice
mé bhur gclann sula bhfaighidh mé bás.” [12]Ansin dúirt sé lena iníon, Sárá: “Imigh leat
go dtí teach d’athar chéile; óir as seo amach is iad do thuismitheoirí féin iad an oiread
céanna agus na daoine a ghin thú. Imigh faoi shíocháin, a iníon ó; fad a mhairfidh mé
nár chloise mé fút ach an dea-scéal.” Faoi dheireadh chuir sé faoi choimirce Dé iad agus
scaoil sé uaidh iad.

[13]Dúirt Eadna ansin le Tóibias: “A leanbh liom agus a chol cheathrar dhílis, go dtuga
an Tiarna slán abhaile thú agus go maire mé féin fada go leor chun clann a fheiceáil
agatsa agus ag m’iníon, Sárá, le mo shúile cinn; i bhfianaise an Tiarna cuirim m’iníon
faoi do chúram; ná cuirse aon bhuaireamh uirthi ar feadh do shaoil; imigh leat faoi
shíocháin, a mhic; as seo amach is mise do mháthair agus is í Sárá do bhean chéile
mhuirneach. Go raibh rath orainn go léir an dá lá dhéag agus an fad a mhairfimid.” Phóg

sí an bheirt acu ansin agus chuir sí slán abhaile leo.

14 Nuair a scar Tóibias le Raguéil bhí sé an-sásta leis féin agus lán d'áthas agus
fíorbhuíoch de Thiarna na bhflaitheas agus an domhain, Rí na nUile, toisc go raibh sé
tar éis rath a chur ar a thuras. Faoi dheireadh thiar d'fhág sé slán ag Raguéil agus ag a
bhean chéile, Eadna, á rá: "Go dtuga Dia dom onóir a thabhairt daoibh fad a mhairfidh
mé."

An Turas Abhaile

11 Nuair a bhí siad ag teacht i ngar do Chasairín, baile atá ar aghaidh Nínivé amach,
2 dúirt Rafael: "Is eol duit an bhail a bhí ar d'athair nuair a d'fhágamar é.
3 Brostaímis linn ar aghaidh roimh do bhean chéile chun an teach a ullmhú fad a bheidh
an chuid eile den chuideachta ag teacht inár ndiaidh." 4 Ghluais an bheirt acu ar aghaidh,
mar sin, le chéile agus dúirt Rafael le Tóibias: "Beir leat domlas an éisc." Agus bhí an
gadhar ag rith lena sála.

5 Idir an dá linn bhí Anna ina suí agus í ag faire an bhóthair a ghabhfadh a mac
abhaile. 6 Chonaic sí uaithi é ag teacht agus dúirt sí leis an athair: "Seo chugainn do
mhac agus a chomhthaistealaí."

7 Dúirt Rafael le Tóibias sular tháinig sé fad lena athair: "Tá a fhios agam go
n-osclófar a shúile. 8 Smear a shúile le domlas an éisc; crapfaidh an t-ungadh seo an
screamh bhán agus tosóidh sí ag scamhadh dá shúile. Tiocfaidh a radharc do d'athair
arís agus feicfidh sé an solas."

Leigheastar Súile Thóibít

9 Ansin rith Anna chun tosaigh agus chaith sí í féin ar bhráid a mic agus dúirt sí leis:
“Ní miste liom bás a fháil anois, a mhic, mar táim tar éis tú a fheiceáil arís.” Agus rinne
sí gol. 10 D’éirigh Tóibít ina sheasamh ansin agus tháinig sé doras an chlóis amach agus é
ag tarraingt na gcos ina dhiaidh. 11 Shiúil Tóibias suas chuige agus domlas an éisc ina
láimh aige. Shéid sé isteach ina shúile; rug greim air agus dúirt: “Múscail do mhisneach,
a athair!” 12 Ansin chuir sé an t-ungadh air agus chuimil sé isteach é agus ag tosú dó ag
cúinní a shúl bhain sé an screamh bhán díobh lena dhá láimh. 13 Chaith a athair é féin ar
a bhráid 14 agus rinne sé gol agus dúirt: “Feicim thú, a mhic, a sholas mo shúl!” Lean sé
air:

“Moladh go deo le Dia!
Moladh lena ainm mór!
Moladh lena aingil naofa go léir!
Go gcumhdaí a ainm mór sinn
agus go moltar a chuid aingeal go léir
go brách agus choíche.
15 Óir bíodh is gur thug sé sciúrsáil dom,
feicim mo mhac, Tóibias, anois.”

Chuaigh Tóibias isteach ansin agus é lán d’áthas agus ag moladh Dé in ard a ghutha.
D’inis sé dá athair gur éirígh thar barr lena thuras; go raibh sé tar éis an t-airgead a fháil
agus Sárá, iníon Raguéil, a phósadh agus nárbh fhada go dtiocfadh sise i láthair mar go

raibh sí an-ghairid do gheata Nínivé cheana féin.
16 Amach le Tóibít féin ar an toirt go dtí geata Nínivé chun bualadh le bean chéile a
mhic agus é lán d'áthas agus ag moladh Dé. Tháinig ionadh ar mhuintir Nínivé nuair a
chonaic siad é ag gabháil go beo bríomhar tríd an gcathair agus gan aon duine á threorú.
17 Thug Tóibít buíochas do Dhia os a gcomhair go léir de bhrí go ndearna sé trócaire air
agus gur oscail sé a shúile. Nuair a tháinig sé i ngar do Shárá, bean chéile a mhic,
Tóibias, bheannaigh sé di, á rá: "Céad míle fáilte romhat, a iníon! Moladh go deo le do
Dhia a sheol chugainn thú, a iníon! Beannacht Dé ar d'athair agus ar mo mhac, Tóibias,
agus ort féin, a iníon! Tar isteach i do theach féin; go bhfága Dia do shláinte agat agus
go raibh rath agus lúcháir ort de shíor; isteach leat, a iníon ó!" Ba mhór ar fad an t-áthas
a cuireadh ar na Giúdaigh a bhí i Nínivé an lá sin. 18 Tháinig a chol ceathracha
Aichícheár agus Nadáb ag déanamh gairdis i gcuideachta Thóibít chomh maith.

Tuarastal Rafael

12 Nuair a bhí an bhainis thart, ghlaoigh Tóibít a mhac, Tóibias, chuige agus dúirt
sé leis. "Is mithid duit, a mhic, a thuarastal a thabhairt do do chomhthaistealaí;
agus cuir breis bheag éigin leis." 2 "Cé mhéad a íocfaidh mé leis, a athair?" arsa Tóibias.
"Ní dhéanfadh sé aon dochar ar bith domsa leath dár rug sé ar ais mar aon liom a
thabhairt dó. 3 Tá sé tar éis mé a threorú go slán sábháilte; leigheas sé mo bhean chéile;
rug sé an t-airgead ar ais mar aon liom; leigheas sé thusa chomh maith. Cé mhéad airgid
sa bhreis a thabharfaidh mé dó?" 4 Dúirt Tóibít leis ansin: "Is ceart, a mhic, leath dár
thug sé ar ais leis a thabhairt dó." 5 Mar sin de, ghlaoigh Tóibias a chomhthaistealaí

chuige agus dúirt: “Tóg leat mar thuarastal leath dár thug tú ar ais leat agus go dté tú slán.”

Aitheasc Rafael

[6]Ansin thóg Rafael an bheirt acu i leataobh agus dúirt sé leo: “Molaigí Dia agus gabhaigí buíochas leis i láthair na mbeo go léir as ucht na maitheasaí a bhronn sé oraibh ionas go molfaidh agus go mórfaidh cách a ainm le dánta diaga. Fógraígí don uile dhuine na héachtaí atá déanta aige agus tugaigí ómós dó agus bígí ag gabháil buíochais leis gan leisce gan leimhe. [7]Is ceart, dar ndóigh, rún rí a choimeád faoi cheilt ach is ceart chomh maith éachtaí Dé a fhógairt agus a fhoilsiú. Mar sin de ghabhaigí buíochas leis mar is cóir. Déanaigí an mhaith agus ní thiocfaidh aon olc oraibh. [8]Urnaí agus troscadh le chéile, déirc agus dea-iompar le chéile, is fearr go mór iad sin ná saibhreas cam. Is fearr déirc a thabhairt ná ór a chnuasach. [9]Saorann an déirc an duine ón mbás agus glanann sé amach an uile pheaca. [10]Na daoine a dhéanann déirc gheobhaidh siad aois mhaith; ach na daoine a dhéanann an peaca agus an t-éigeart déanann siad a n-aimhleas féin.

[11]“Ach inseoidh mé an fhírinne iomlán daoibh anois; ní cheilfidh mé dada oraibh. Cheana féin dúirt mé libh go soiléir gur ceart rún rí a choimeád faoi cheilt ach gur ceart leis éachtaí Dé a fhoilsiú mar ba chóir. [12]Más ea, nuair a bhí tusa agus Sárá ag guí is mise a d’ofráil bhur n-urnaithe suas mar chuimhneachán i láthair ghlóir an Tiarna agus a léigh iad; agus ba é an scéal céanna é nuair a bhítheá ag adhlacadh na marbh. [13]Ós rud é nár leasc leat éirí agus imeacht ón mbord chun fear marbh a adhlacadh, [14]cuireadh

chugat mé chun tú a thástáil agus ag an am céanna chuir Dia uaidh mé chun thú féin
agus Sárá, bean chéile do mhic, a leigheas. [15]Is mise Rafael, ceann den seachtar aingeal
atá ina lucht freastail ar Dhia na glóire agus a théann isteach ina láthair.”
[16]Tháinig uafás ar an mbeirt acu ansin agus thit siad ar a mbéal fúthu le haonchorp
eagla [17]ach dúirt Rafael leo: “Ná bíodh eagla oraibh; ní baol daoibh; bígí ag moladh Dé
go deo. [18]Nuair a bhí mé in bhur gcuideachta ní de thoradh mo dhea-mhéine féin amháin
a bhí mé ann ach toisc gurbh áil le Dia é. Dá bhrí sin bígí ag moladh Dé ó lá go lá agus
ag canadh iomann dó. [19]Bíodh a fhios agaibh nár ith mé greim bia in bhur gcuideachta;
is amhlaidh a bhí fís á fheiceáil agaibh. [20]Molaigí an Tiarna anois ar talamh agus
leanaigí libh ag gabháil buíochais leis. Táimse féin ar tí dul suas go dtí an té a chuir
uaidh mé. Scríobh cuntas ar na heachtraí go léir a tharla daoibh.” D’imigh sé suas uathu
ansin. [21]Nuair a d’éirigh siad ina seasamh, níorbh fhéidir dóibh é a fheiceáil níos mó.
[22]Ansin thosaigh siad ag moladh Dé agus ag canadh iomann dó agus ag gabháil
buíochais leis i dtaobh na sáréachtaí sin a rinne sé nuair a thaispeáin a aingeal é féin
dóibh.

Caintic Thóibít

13 Dúirt Tóibít ansin:

Moladh le Dia a mhaireann go deo;
moladh lena ríocht bhuanseasmhach!
[2]Óir cé go ngabhann sé de sciúirsí orainn,
maitheann sé ár bpeacaí dúinn chomh maith;

bíodh go gcaitheann sé daoine síos go hifreann,
tógann sé aníos iad ón duibheagán athuair;
níl aon rud ann ar aon chor
ar féidir dó éalú óna láimh.
3 Gabhaigí buíochas leis, a chlann Iosrael,
i bhfianaise na gciníocha uile.
Mar bíodh gur scaip sé sibhse ina measc,
4 is ann a thaispeáin sé a mhórgacht daoibh.
Molaigí é i láthair na mbeo go léir,
mar is é ár dTiarna é agus ár nDia.
Is é ár nAthair é chomh maith
agus ár nDia go brách agus choíche.

5 Sciúrsálfaidh sé sibh de dheasca bhur gcionta,
ach déanfaidh sé trócaire oraibh uile leis;
mar cruinneoidh sé sibh as na ciníocha uile
a raibh sibh scaipthe ina measc.
6 Nuair a iompóidh sibh chuige
le bhur gcroí agus le bhur n-anam go hiomlán
chun sibh féin a iompar go hionraic ina láthair,
iompóidh seisean chugaibhse ansin,
agus ní cheilfidh sé a ghnúis oraibh níos mó.

Cuimhnigí anois ar a ndearna sé ar bhur son,
agus gabhaigí buíochas leis in ard bhur ngutha.
Molaigí Tiarna na Fíréantachta
agus móraigí Rí na Síoraíochta.
Gabhaimse féin buíochas leis i dtír mo dheoraíochta,
agus léirím a neart agus a mhórgacht do chine peacúil.
Iompaigí ar ais chuige, a pheacacha,
chun an fhíréantacht a chleachtadh ina láthair.
Cá bhfios daoibh nach mbeidh gnaoi aige oraibh,
agus nach nglacfaidh sé trua daoibh?
7 Mórfaidh mise mo Dhia,
agus déanfaidh mo spiorad gairdeas i Rí na bhFlaitheas.
8 Fógraíodh gach duine a mhórgacht,
agus tugtar buíochas dó in Iarúsailéim.

9 Sciúrsálfaidh sé thú, a Iarúsailéim, a chathair naofa,
mar gheall ar dhrochghníomhartha d'áitritheoirí;
ach déanfaidh sé trócaire athuair
ar shliocht na bhfíréan.
10 Gabhaigí buíochas leis an Tiarna go cuí,
agus molaigí an Rí Síoraí,
le go n-atógfaí do shanctóir duit go háthasach.

Go gcuire Dia gliondar ar na deoraithe go léir ionat;
go raibh grá aige do lucht an dobróin ionat,
agus do na glúine uile atá le teacht.

11 Soilseoidh solas geal uait
go críocha uile na cruinne;
tiocfaidh mórán náisiún chugat ó thíortha i gcéin,
ó imill uile an domhain chun cónaí i do láthair naofa,
agus bronntanais ina lámha acu do Rí na bhFlaitheas.
Ligfidh glúine gan áireamh gártha áthais ionat,
agus mairfidh ainm na cathrach tofa go brách.

12 Is mallaithe iad siúd go léir,
a thugann masla cainte duit;
is mallaithe iad siúd go léir, a dhéanann léirscrios ort,
agus a leagann do bhallaí ar lár,
agus a scartálann do thúir,
agus a chuireann do thithe trí thine;
ach is beannaithe go brách iad siúd go léir,
a thugann ómós duit.
13 Imigh leat, mar sin, agus déan gairdeas
mar gheall ar shliocht na bhfíréan.

Óir, cruinneofar iad go léir le chéile,
agus tabharfaidh siad moladh don Tiarna Síoraí.
14 Is méanar dóibh siúd a mbíonn grá acu duit,
agus a dhéanann gairdeas toisc tú a bheith faoi rath.
Is méanar dóibh sin uile a mbíonn buairt orthu
faoin angar a fhulaingíonn tú.
Óir, beidh lúcháir orthu ar do shonsa
agus feicfidh siad an t-áthas a bheidh ort go deo.
15 Molann m'anamsa an Tiarna, an Rí mór,
mar atógfar cathair Iarúsailéim mar áitreabh dó go brách.

16 Nárbh aoibhinn dom dá dtarlódh sé d'fhuíoll mo shleachta,
do ghlóir a fheiceáil agus buíochas a ghabháil do Rí na bhFlaitheas.
Déanfar geataí Iarúsailéim de shaifír agus de smaragaid,
agus do bhallaí uile de chlocha lómhara.
Is d'ór a thógfar túir Iarúsailéim
agus d'ór glan a cuid forbhallaí.
17 Pábhálfar sráideanna Iarúsailéim
le rúibíní agus le clocha bua ó Óifír.
18 Canfaidh geataí Iarúsailéim amhráin áthais,
agus déarfaidh a tithe go léir:
Alleluia! Moladh go deo le Dia Iosrael!

Ós eisean a chuir rath agus bláth orthu,
molfaidh siad a ainm naofa go brach agus choíche.

Comhairle Dheiridh Thóibít

14 Mar sin a chríochnaigh na briathra buíochais a chan Tóibít. D'éag sé go
suaimhneach agus é in aois a chéad agus dhá bhliain déag agus tugadh adhlacadh
cuí urramach dó i Nínivé. [2]Bhí sé dhá bhliain agus seasca d'aois nuair a rinneadh
díobháil dá shúile agus tar éis dó radharc a shúl a fháil arís mhair sé faoi shéan agus faoi
mhaise, agus é ag déanamh déirce agus ag moladh Dé agus ag fógairt a mhórgachta gan
sos.

[3]Nuair a bhí sé ag fáil bháis, chuir sé fios ar a mhac, Tóibias, agus thug sé na
horduithe seo dó: "Beir leat do chlann, a mhic, [4]agus teith isteach sa Mhéide mar
creidimse na briathra a labhair Dia in aghaidh Nínivé trí bhéal Nahúm. Tiocfaidh gach
rud i gcrích agus tarlóidh sé don Asaír agus do Nínivé. Gach uile ní dár fhógair na fáithe
a chuir Dia uaidh chun Iosrael, titfidh sé amach. Níl aon fháistine ar bith orthu go léir a
dhéanfar maolú uirthi; is amhlaidh a chomhlíonfar gach ceann díobh ina hionú féin. Mar
sin de, beidh sé níos sábháilte sa Mhéide ná mar a bheidh sé san Asaír nó sa Bhablóin.
Óir, tá mé cinnte dearfa de go gcomhlíonfar gach rud a dúirt Dia. Titfidh siad amach
agus ní bhréagnófar ceann ar bith dá bhriathra. Scaipfear ár muintir uile a chónaíonn in
Iosrael agus tabharfar ina gcimí cogaidh iad as an tír álainn sin. Déanfar fásach de
thalamh Iosrael go léir agus bánófar an tSamáir agus Iarúsailéim. Beidh Teampall Dé

féin go hainnis mar is amhlaidh a dhófar go talamh é.

5“Ach glacfaidh Dia trua dóibh athuair agus tabharfaidh sé ar ais go dtí talamh Iosrael iad. Atógfaidh siad an Teampall ach ní bheidh sé cosúil leis an gcéad cheann nó go dtaga an t-am atá ceaptha chuige. Ina dhiaidh sin fillfidh siad go léir abhaile ón deoraíocht agus atógfaidh siad Iarúsailéim le barr breáthachta. Tógfar Teampall Dé inti chomh maith faoi mar a thairngir fáithe Iosrael ina taobh. 6Iompófar ciníocha uile na cruinne agus tabharfaidh siad fíoradhradh do Dhia. Tréigfidh siad go léir a gcuid íol, a chuir ar seachrán iad go fealltach 7agus molfaidh siad Dia na síoraíochta de réir a dhlí. Gach duine de chlann Iosrael a bheidh go beo beathach sna laethanta sin cuimhneoidh sé go dílis ar Dhia agus baileofar le chéile iad agus rachaidh siad go Iarúsailéim. Tabharfar talamh Abrahám dóibh agus cónóidh siad ann go slán sábháilte go deo. Beidh áthas ar na daoine a mbeidh fíorghrá acu do Dhia ach leáfaidh lucht déanta an oilc agus na héagóra as an tír ar fad.

8“Anois, a chlann liom, ordaím daoibh Dia a riaradh go dílis agus gach ní is taitneamhach leis a dhéanamh agus bhur gclann a oiliúint chun an t-ionracas a chleachtadh agus déirc a thabhairt agus cuimhne a choinneáil ar Dhia agus fíormholadh a thabhairt gan sos dá ainm naofa óna neart go hiomlán.

9“Maidir leatsa, a mhic, imigh as Nínivé agus ná fan anseo. 10Chomh luath agus a beidh do mháthair adhlactha agat le mo thaobh ná caith go fiú aon oíche amháin eile laistigh dá teorainneacha. Óir, feicim go ndéantar a lán éagóra agus bearta fealltacha inti gan náire. Cuimhnigh, a mhic, ar a ndearna Nádáb ar Aichícheár, an fear macánta a thóg é. Nárbh éigean dó dul i bhfolach faoin talamh agus é fós ina shaol agus ina shláinte?

Ach bhain Dia cúiteamh amach san easonóir sin dó os comhair a shúl. Is amhlaidh a tháinig Aichícheár amach arís faoi sholas an lae ach chuaigh Nádáb isteach sa dorchadas síoraí toisc go ndearna sé iarracht ar Aichícheár a mharú. Is de bhrí gur thug sé déirc domsa a d'éalaigh Aichícheár as an ngaiste a bhí curtha ag Nádáb dó. Rugadh ar Nádáb féin i ngaiste báis agus bascadh é. [11]Mar sin de, a chlann liom, féachaigí anois an dea-thoradh a bhíonn ar an déirc agus an drochthoradh a bhíonn ar an éagoir – an bás. Ach tá m'anam ar tí scaradh liom anois." Chuir siad ar a leaba é ansin agus nuair a fuair sé bás tugadh adhlacadh cuí urramach dó. [12]Nuair a d'éag a mháthair chuir Tóibias taobh lena athair í.

Blianta Deiridh Thóibias

D'imigh sé féin agus a bhean chéile ansin chun na Méide agus chuir siad fúthu in Eacbatana i gcuideachta athair a chéile, Raguéil. [13]Thug sé urraim agus aire do thuismitheoirí a mhná céile in earr a n-aoise agus chuir sé sa chré iad in Eacbatana na Méide. Fuair sé maoin Raguéil le hoidhreacht chomh maith le maoin a athar féin, Tóibít. [14]Fuair sé féin bás in aois a chéad agus seacht mbliana déag agus meas mór ag cách air. [15]Ach sula bhfuair sé bás chuala sé mar gheall ar léirscrios Nínivé agus chonaic sé cimí cogaidh na cathrach, a ndearna Cuaxáras, rí na Méide, bránna díobh, á dtabhairt isteach sa Mhéide. Mhol sé Dia as ucht a ndearna sé in aghaidh mhuintir Nínivé agus na hAsaíre. Sular éag sé rinne sé gairdeas mar gheall ar ar tharla do Nínivé agus thug sé moladh don Tiarna Dia a mhaireann trí shaol na saol. Amen.